An Coimisiún Reifrinn
Referendum Commission

**24
Bealtaine
2019**



## An Treoir Neamhspleách ar an Reifreann maidir le

# Colscaradh a Rialáil



**Scríobhadh an treoir seo do dhaoine a bhfuil míchumas intleachta ag dul dóibh**


**Tá do Vóta Iontach
Iontach Tábhachtach**

# Réamhrá

A Vótálaí, a chara,




Dé hAoine, 24 Bealtaine 2019, iarrfar ort vóta a chaitheamh.



Is féidir vóta a chaitheamh i d**Toghchán Áitiúil**.



Is féidir vóta a chaitheamh i d**Toghchán Eorpach**.



Tá áiteanna ann ina mbeidh tú in ann vóta a chaitheamh chun **Méara** a thoghadh.




Is féidir, freisin, vóta a chaitheamh i **reifreann**.



Baineann an t-eolas seo le **reifreann**.



Is éard is reifreann vóta chun bunreacht na hÉireann a athrú.



Leagtar rialacha na tíre síos i mbunreacht na hÉireann.


## An ceist sa reifreann seo:



Ar mhaith leat an bunreacht a athrú chun gur féidir na rialacha maidir le **colscaradh** in Éirinn a athrú?



Tugann an Coimisiún Reifrinn eolas duit faoin mbrí a bheidh le do vóta.




Ní mholann an Coimisiún Reifrinn duit vóta Tá nó Níl a chaitheamh.



Féadfaidh tú Tá nó Níl a thiceáil ar do pháipéar ballóide.



Is fútsa atá sé cén chaoi a gcaithfidh tú vóta.



Tá sé tábhachtach go gcaithfeá vóta.



Is leatsa an bunreacht.



Is féidir leatsa cabhrú lena chinneadh ar cheart an bunreacht a athrú nó é a fhágáil mar atá sé.




Déan cinnte de go mbíonn tú páirteach sa chinneadh sin trí vóta a chaitheamh Dé hAoine, 24 Bealtaine 2019.




Comhairtear na vótaí go léir ag deireadh an lae.



**Athrófar** an bunreacht má vótálann formhór na ndaoine TÁ.



**Fanfaidh** an bunreacht **mar atá anois** má vótálann formhór na ndaoine NÍL.



**Tara Burns**
An Cathaoirleach
An Coimisiún Reifrinn





Leagtar rialacha na tíre síos i mbunreacht na hÉireann.




Iarrann an reifreann seo ort vóta a chaitheamh faoi **dhá** riail a athrú.



Baineann na rialacha sin leis an méid a tharlaíonn nuair is mian le daoine deireadh a chur lena bpósadh.



Baineann na rialacha leis an gcolscaradh.



Tá an colscaradh ceadaithe in Éirinn




Caithfidh tú iarratas a dhéanamh leis an gcúirt le colscaradh a fháil in Éirinn.



Socraíonn breitheamh sa chúirt an bhfuil cead agat colscaradh a fháil nó nach bhfuil.



Tá cead ag daoine a fhaigheann colscaradh **in Éirinn** pósadh arís.




Tá cead ag na daoine sin pósadh eile a bheith acu.




Iarrann an reifreann seo ort vóta a chaitheamh faoi dhá rud a athrú:



1. An méid blianta is gá do dhaoine a bheith ina gcónaí ar leithligh sular féidir leo colscaradh a fháil.



2. An rud a deir an bunreacht faoi dhaoine a fhaigheann colscaradh i dtír eile.

# An colscaradh in Éirinn anois:




Tá cead ag daoine colscaradh a fháil in Éirinn.



Tá roinnt rialacha sa bhunreacht faoin gcolscaradh.




Baineann cuid de na rialacha leis an méid a tharlaíonn **sula** mbíonn cead agat colscaradh a fháil.



Baineann ceann eile de na rialacha le colscaradh a fháil lasmuigh d'Éirinn.

## Caithfidh daoine ar mian leo colscaradh a fháil a chruthú anois:



- Nach mian leo a bheith pósta ar a chéile anois ná sa todhchaí.



- Go bhfuil pleananna maithe ann lena chinntiú go dtabharfar aire cheart do gach duine sa phósadh (leanaí san áireamh).



- Go raibh siad, le cúig bliana anuas, ina gcónaí ar leithligh ar feadh ceithre bliana ar a laghad.

## Daoine a fhaigheann colscaradh lasmuigh d'Éirinn:



**D'fhéadfadh** daoine a fhaigheann colscaradh i dtíortha eile a bheith pósta fós faoi na rialacha in Éirinn.



Níl cead ag na daoine atá pósta fós pósadh arís in Éirinn.



Is féidir leis na polaiteoirí na rialacha a shocrú faoi na colscarthaí a aithneofar in Éirinn.

# Baineann an reifreann le dhá riail.




Beidh **aon vóta amháin** agat faoin **dá** riail seo.




Baineann an reifreann le **riail amháin a bhaint** agus **an riail eile a athrú**.




**Má vótálann formhór na ndaoine tá, beidh dhá athrú ann.**




**Má vótálann formhór na ndaoine níl, fanfaidh na rialacha mar atá siad anois.**

## Is é an riail a d’fhéadfaí a bhaint:



**Go raibh an lánúin, le cúig bliana anuas, ina gcónaí ar leithligh ar feadh ceithre bliana ar a laghad.**



Ciallaíonn sé seo go bhfuil am feithimh roimh cholscaradh

**Má bhaintear an riail seo:**




- Beidh polaiteoirí in ann an dlí a athrú.



- D’fhéadfaí an tréimhse feithimh le haghaidh colscartha a athrú.



- Féadfaidh polaiteoirí an tréimhse feithimh a shocrú.

## Baineann an riail a d'fhéadfaí a athrú le:



Daoine a fhaigheann colscaradh i dtíortha eile.



Níl cead ag cuid de na daoine sin pósadh arís in Éirinn. Tá sé seo amhlaidh mar nach bhfuil aon aitheantas in Éirinn ag an gcolscaradh a fuair siad.




D'fhéadfaí an riail seo a athrú go:



Tá cead ag polaiteoirí in Éirinn dlíthe a dhéanamh chun aitheantas a thabhairt do cholscarthaí a fuarthas i dtír eile.



Tá an chumhacht seo ag polaiteoirí na hÉireann cheana féin.




D'athrófaí an méid a deirtear sa Bhunreacht faoi.




Má vótálann formhór na ndaoine tá




Athrófar **an dá** riail.




Má vótálann formhór na ndaoine níl



Fanfaidh **an dá** riail mar atá siad anois.



**Fanfaidh roinnt rudaí mar atá siad, is cuma má vótálann daoine Tá nó Níl.**



Beidh cead ag daoine go fóill colscaradh a fháil in Éirinn.




Tá cead ag polaiteoirí in Éirinn dlíthe a rith chun aitheantas a thabhairt do cholscarthaí coigríche.

# Conas votáil



Beidh na stáisiúin vótaíochta ar oscailt ó 7am go dtí 10pm.



Beidh daoine ag vótáil sa toghchán Áitiúil agus sa toghchán Eorpach ar an lá céanna a chaithfear vóta sa reifreann.



I gCathair Chorcaí, i Luimneach agus i bPort Láirge, beidh vóta eile ann chun Méara a thoghadh.



Tá roinnt rialacha ann faoi na daoine a bhfuil cead acu vóta a chaitheamh sna toghcháin éagsúla seo.



Tá cead ag **gach duine** vóta a chaitheamh sna toghcháin Áitiúla.



Tá cead ag **Saoránaigh de chuid na hEorpa** vóta a chaitheamh sna toghcháin Áitiúla agus sna toghcháin Eorpacha.



Tá cead ag **Saoránaigh Éireannacha** vóta a chaitheamh sna toghcháin Áitiúla, sna toghcháin Eorpacha agus sa Reifreann.



Caithfidh tú a bheith cláraithe chun vóta a chaitheamh.



Beidh ort doiciméad aitheantais a thabhairt leat.



Seo rud a mbeadh do sheoladh baile agus grianghraf, b'fhéidir, air.

D'fhéadfá cárta seirbhís phoiblí, pas, cárta mic léinn, pas taistil nó rud éigin mar sin a úsáid.







Gheobhaidh tú trí pháipéar ballóide.



Tá dath **glas** ar pháipéar ballóide an reifrinn.





Vótálann tú TÁ sa reifreann trí 'X' a chur sa bhosca 'Tá'.





Vótálann tú NÍL sa reifreann trí 'X' a chur sa bhosca 'Níl'.



Ná scríobh ach i mbosca amháin.





Ná scríobh aon áit eile ar an bpáipéar ballóide.




Ná scríobh rud ar bith eile ar an bpáipéar ballóide.



Cuimhnigh go bhfuil na toghcháin eile difriúil leis an reifreann.




Seans go mbeadh ort uimhreacha a scríobh lena léiriú cén duine is uimhir 1 duit – an duine is fearr leat.



Breathnaigh go cúramach ar na páipéir bhallóide éagsúla.

# Páipéar ballóide reifrinn samplach

**An bhfuil tú ag toiliú leis an togra chun an Bunreacht a leasú atá sa Bhille thíosluaite?**

**Do you approve of the proposal to amend the Constitution contained in the undermentioned Bill?**

An Bille um an Ochtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Scaoileadh ar Phósadh), 2016

Thirty-eighth Amendment of the Constitution (Dissolution of Marriage) Bill 2016

Ná cuir marc **ach san aon chearnóg amháin**

Place a mark in **one square only**

SAMPLE

| | | |
|---|---|---|
| **Má thoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo................<br>If you **approve**, mark X in this square .................... | | **Tá**<br>**Yes** |
| **Mura dtoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo...............<br>If you do **not approve**, mark X in this square.............. | | **Níl**<br>**No** |

An Coimisiún Reifrinn
Referendum Commission

Down Syndrome Ireland

Arna tháirgeadh ag an gCoimisiún Reifrinn i gcomhar le Down Syndrome Ireland